An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas
Cruinnithe Rannach den Fhoras Teanga

14 Feabhra 2012

FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR BHUNMHAOINIÚ

8. Nótáil na hAirí an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag Foras na Gaeilge i dtaca le forbairt samhail nua iomaíoch mhaoinithe a bhfuil sé mar aidhm léi tairbhí suntasacha a bhaint amach maidir le luach ar airgead agus seachadadh éifeachtach dhualgais reachtúla Fhoras na Gaeilge. D'aontaigh an Chomhairle, sa chomhthéacs go leanfaí le dul chun cinn sásúil a bhaint amach, go bhféadfaidh Foras na Gaeilge leanúint le maoiniú eatramhach a chur ar fáil do na comhlachtaí bunmhaoinithe reatha suas go dtí an 30 Meitheamh 2013. Cuirfear tuarascáil eile ar dhul chun cinn faoi bhráid an chéad chruinnithe eile CATT de chuid an Fhorais Teanga.

12 Deireadh Fómhair 2011

FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR EAGRAÍOCHTAÍ BUNMHAOINITHE

10. Nótáil na hAirí an dul chun cinn atá déanta ag Foras na Gaeilge go dtí seo i ndáil le punann dréacht-scéimeanna a ullmhú don tsamhail mhaoinithe iomaíoch nua, a bhfuil sé mar sprioc aici tairbhí suntasacha luach ar airgead a bhaint amach agus dualgais reachtúla Fhoras na Gaeilge a chomhlíonadh go héifeachtach.

11. Tar éis an dul chun cinn seo a thabhairt faoi bhráid, d'iarr an CATT ar Fhoras na Gaeilge an méid seo leanas a dhéanamh:
a) Tréimhse bhreise chomhairliúcháin 12 seachtain a chur ar fáil i ndáil le punann na ndreácht-scéimeanna, go háirithe leis na heagraíochtaí bunmhaoinithe,;

b) a chinntiú go dtabharfar deis do chomhlachtaí reachtúla bainteacha an tionchar a bheidh ag na dréacht-scéimeanna ar a réimsí feidhmiúcháin a bhreithniú;

c) an punann dréacht-scéimeanna a leasú de réir mar is gá agus mar is cuí, ag féachaint don phróiseas comhairliúcháin leathnaithe;

d) cás gnó mionsonraithe a ullmhú, le cúnamh neamhspleách más gá, chun tacú le punann na ndréacht-scéimeanna; agus

e) plean tionscadail athbhreithnithe a ullmhú, i gcomhar leis na Ranna Urraíochta, a thabharfaidh aird mar is cuí ar chur i gcrích an phróisis athbhreithnithe mar bheart práinne.

12. D'aontaigh CATT go ndéanfaí Ordú ag an am cuí faoi alt 28(2) (b) den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 (Uimh. 1 de 1999) chun an tagairt do na heagraíochtaí atá liostaithe sa tábla sa mhír seo a bhaint.

13. D’iarr na hAirí tuarascáil eile ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga CATT.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas
Cruinnithe Rannach den Fhoras Teanga

07 Iúil 2011

ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR CHOMHLACHTAÍ BUNMHAOINITHE

7. Nótáil an Chomhairle go bhfuil na dréachtscéimeanna go léir atá riachtanach chun moltaí an Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm dréachtaithe anois. Tar éis na tuairimí a fuarthas le linn an chleachtaidh chomhairliúcháin phoiblí a bhreithniú, iarrfar faomhadh ón mBord agus ó na hAirí Airgeadais, sula gcuirfear na scéimeanna faoi bhráid CATT ag an gcéad chruinniú eile lena bhfaomhadh.

8. D'aontaigh an Chomhairle, ach leanúint le dul chun cinn sásúil a bhaint amach, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí dheireadh mhí Mheithimh 2012, le cistiú eatramhach a chur ar fáil d'eagraíochtaí a bhfuil cistiú á fháil acu i láthair na huaire. Tabharfar tuairisc eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile de CATT i bhFormáid Rannach Teanga.

03 Samhain 2010

ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR CHOMHLACHTAÍ BUNMHAOINITHE

11. Nótáil an Chomhairle an staid reatha i ndáil leis an athbhreithniú a rinne Foras na Gaeilge ar eagraíochtaí bunmhaoinithe. Nótáil na hAirí moltaí i ndáil le comhshocruithe feabhsaithe don chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bainisteoir tionscadail a cheapadh agus coiste stiúrtha agus coiste comhairleach a bhunú. D'aontaigh siad, sa chomhthéacs gur leor an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm, go bhféadfadh Foras na Gaeilge leanúint, go dtí deireadh Bealtaine 2011, ag tabhairt maoiniú eatramhach d'eagraíochtaí a bhfuil á maoiniú i láthair na huaire agus go ndéanfaí dul chun cinn a thuairisciú ag an gcéad chruinniú eile CATT den Fhoras Teanga.

26 Bealtaine 2010

ATHBHREITHNIÚ FHORAS NA GAEILGE AR NA hEAGRAÍOCHTAÍ BHUNMHAOINITHE

7. Nótáil an Chomhairle moltaí go ndéanfaí maoiniú ar earnáil na Gaeilge sa todhchaí ar bhonn líon áirithe scéimeanna ar leith. Comhaontaíodh i bprionsabal go bhfuil na moltaí seo laistigh de pharaméidéir chinneadh na CATT i Nollaig 2009. Shocraigh na hAirí go rachadh feidhmeannaigh ó na Ranna Urraíochta i mbun oibre le Foras na Gaeilge chun comhaontú a fháil faoi dheireadh Mheithimh 2010 ar mhionshonraí na moltaí seo agus amscála lena gcur i gcrích. Ach chomhaontú dá réir a fháil faoi dheireadh Mheithimh, d'aontaigh na hAirí go

bhféadfadh Foras na Gaeilge maoiniú eatramhach a chur ar fáil do na heagrais bhunmhaoinithe reatha go dtí deireadh Nollag 2010. Dhéanfaí an cheist maidir le tuilleadh maoinithe eatramhaigh a chur ar fáil tar éis deireadh 2010 a phlé ag an gcéad chruinniú CATT eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga i bhfianaise an dul chun cinn ar an gcur i bhfeidhm san idirlinn. Chuaigh Foras na Gaeilge i dteagmháil leis an earnáil agus an t-athbhreithniú ag dul ar aghaidh agus beidh tuilleadh comhairliúcháin le linn an t-athbhreithniú á chur i bhfeidhm.

02 Nollaig 2009

FORAS NA GAEILGE

10. The Council welcomed the Foras na Gaeilge review of its core-funded organisations. Ministers agreed that core-funding of the Irish language voluntary sector by Foras na Gaeilge be reconfigured on the basis that Foras na Gaeilge will set high level strategic priorities. Applications for funding will be invited from the voluntary sector, within these strategic priorities, for one or a limited number of organisations with a representational, information dissemination, resource and support provision and advocacy role for the sector as a whole; and at local area level, groups that take an integrated approach to promotion of the Irish language, including working in community, family, educational and youth settings. This reconfiguration is to ensure a more effective, streamlined and cost effective approach to funding of the sector.